GX903

OLLSCOIL NA hÉIREANN, GAILLIMH

SCRÚDUITHE AN tSAMHRAIDH 1999

DÁMHA NA NDÁN AGUS AN LÉINN CHEILTIGH

AN CHÉAD BHLIAIN

NUA-GHAEILGE

An Dara Páipéar

Alan Titley
Mícheál Mac Craith
Gearóid Denvir

Trí huaire an chloig a cheadófar.
Freagair **ceist amháin** as gach roinn.
Úsáid **freagarleabhar** ar leith do gach roinn.

Roinn A An Ghaeilge in Éirinn agus in Albain

1. Déan comparáid idir **staid** agus **stádas** na Gaeilge in Éirinn agus in Albain.

2. Déan cur síos ar ionad na Gaeilge sa chóras oideachais in Éirinn agus in Albain. Déan cúram ar leith i do fhreagra de chomparáidí idir an dá thír.

Roinn B Oidhreacht Liteartha na Meán-Ghaeilge

3. Scríobh aiste ar na cineálacha scéalaíochta atá ar marthain ó ré na Sean- agus na Meán-Ghaeilge.

4. Dar le scoláirí Gaeilge, is scéal croschineálach é *Iomramh Bhrain.* Mínigh a bhfuil i gceist acu.

5. Tabhair cuntas ar an léiriú atá le fáil ar bhaindia an fhlaithis sa scéal *Eachtra mac nEachdhach Mhuighmheadhóin.*

6. Scríobh cuntas ar bheathaisnéis laochúil Chú Chulainn.

thall =>

Roinn C An Nuafhilíocht

7. Má bhreathnaítear ar fhilíocht na haoise seo mar aonad inti féin is féidir a rá go bhfuil trí glúine soiléire le sonrú inti. Tabhair cuntas ar shaothar glúine **amháin** díobh sin agus léirigh do fhreagra le tagairtí do shaothar filí ar leith agus do dhánta ar leith.

8. 'Réabhlóidí ar thóir cúise' atá le sonrú in *Scuais* le Michael Davitt dar le léirmheastóir amháin. An leor é seo mar chur síos ar an leabhar nó ar shaothar Davitt i gcoitinne?

Roinn D Béaloideas

9. Tabhair do thuairimí ar cad is béaloideas ann agus pléigh a thábhacht i saol an phobail.

10. 'Fiú más go healaíonta atá na seanfhocail curtha le chéile, ní bhaineann an treoir a thugann siad le saol na linne seo.' Pléigh

11. 'Tá léiriú spéisiúil ar an mbás le fáil i nósanna a bhaineann leis.' Pléigh.